AG BREATHNÚ AR AN D RÉIMIRE GAIRME

poistphoiblí
publicjobs

Ag breathnú ar an Dréimire Gairme

Grúpa Daltaí: Daltaí san Idirbhliain/sa Chúigiú Bliain/ daltaí ATF/daltaí GCAT

Eolas a clúdaíodh go dtí seo:

- Beidh tuiscint ag daltaí ar ghairmeacha agus ar phoist éagsúla.
- Beidh tuiscint ag daltaí ar na hearnálacha ginearálta ón staidéar gairmthreorach atá déanta acu.
- Beidh a fhios ag daltaí conas taighde iontaofa a dhéanamh.

  Beidh tuiscint ag daltaí ar na naisc idir réimsí spéise agus róil.

  Beidh a fhios ag daltaí conas post san earnáil phoiblí a aithint agus cuardach gairme á dhéanamh acu ar CareersPortal.ie.

Acmhainní

- Ríomhaire
- Teilgeoir
- Suíomh gréasáin Publicjobs.ie
- PowerPoint
- Clár Bán
- Bileog oibre faoi róil
- Bileoga oibre ar a bhfuil cur síos ar na róil

Cuspóirí Foghlama:

- Tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann leis an bpointe iontrála ar an aistear gairme (maidir le hoiliúint). Cén áit a dtosóidh mé ar an 'dréimire gairme' má .... (cúrsa iar-Ardteistiméireachta, Coláiste/ Ollscoil, i ndiaidh na scoile, srl.)
  Nasc a dhéanamh idir cáilíochtaí, oiliúint, taithí, réimsí spéise agus oiriúnacht/spreagadh agus dul chun cinn an duine ar an 'dréimire gairme' (in aon ghairm nó earnáil) agus tuiscint a fháil ar an tionchar a bhíonn ag na nithe sin ar thuarastal/fhreagrachtaí (ní post é ach amháin mura bhfuil tú ag baint sult as!).
- Tuiscint a fháil ar roinnt samplaí réadúla de seo (múinteoirí, ailtirí, saighdiúir, oifigeach riaracháin).

  Plé a dhéanamh ar na cosúlachtaí idir na deiseanna maidir le dul chun cinn atá ar fáil san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach (bain úsáid as an íomhá den dréimire).

Céimeanna an Cheachta:

1. Bain úsáid as an sleamhnán chun plé a dhéanamh ar an 'dréimire gairme'. Cad atá ar eolas againn faoi? Seisiún tobsmaointeoireachta.
2. Taispeáin an sleamhnán ar a bhfuil an sainmhíniú do na daltaí.
3. Bain úsáid as na leideanna plé chun na rudaí atá foghlamtha ag na daltaí a neartú agus iad a spreagadh chun smaointeoireacht ardleibhéil a dhéanamh.
4. Bain úsaid as sampla an Phríomhoide Scoile:
   a. Mac/iníon léinn - céimí - múinteoir faoi oiliúint - múinteoir a bhfuil taithí acu - príomhoide cúnta - leas-phríomoide - príomhoide.
   b. Cad a tharlaíonn ag gach céim (m.sh. taithí, scileanna a fhorbairt, líonrú, muinín, cairdeas, taithí, tuarastal srl.)
5. Mínigh coincheap an dul chun cinn gairme agus go bhfuil sé ar fáil san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon. De ghnáth, tarlaíonn dul chun cinn gairme go nádúrtha le linn an tsaoil, de bharr taithí agus foghlama. Nuair a bhaineann tú sult as ról agus nuair atá ról dúshlánach, déanfaidh tú iarracht teacht ar dheiseanna agus beidh an deis agat tú féin a fhorbairt go pearsanta agus go gairmiúil.
6. Mínigh Gníomhaíocht 1 do na daltaí, a thugann am dóibh na nithe atá foghlamtha acu faoin aistear dul chun cinn a neartú tríd an sampla (cinntigh nach bhfuil an sleamhnán roimhe seo le feiceáil le linn an taisc).

poistphoiblí publicjobs

Ag breathnú ar an Dréimire Gairme

Gníomhaíocht 1: Freagraí

Cuir dréimire gairme an phríomhoide scoile in ord

Múinteoir faoi Oiliúint

Príomhoide

Mac/iníon léinn 3

Príomhoide Cúnta 7

Múinteoir a bhfuil Taithí acu 1

Céimí 5

Leas-Phríomhoide 4

..... 2

..... 6

7. Mínigh Gníomhaíocht 2 do na daltaí, ina ndéantar imscrúdú ar na scileanna atá ag teastáil chun dul suas an dréimire gairme samplach. Bain leas as an tasc seo agus as na freagraí chun plé a dhéanamh ar an aistear forbartha scileanna.

Gníomhaíocht 2: Freagraí

Meaitseáil na focail ó ghnáthaistear an phríomhoide scoile leis an sainmhíniú.

Cruinniú ina gcuireann duine ceisteanna ort chun a fháil amach an bhfuil tú oiriúnach do phost nó do chúrsa	Agallamh
Staidéar a dhéanann mac/iníon léinn atá tar éis céim amháin a bhaint amach cheana féin agus a bhfuil staidéar á dhéanamh acu in ollscoil chun cáilíocht níos airde a bhaint amach.	Staidéar Iarchéime
A bheith cinnte faoi do chumas nó muinín a bheith agat as daoine, as pleananna nó as an todhchaí	Muinín
An próiseas a bhaineann le scileanna nua a fhoghlaim nó le scileanna nua a mhúineadh d'oibrithe	Ag cur le Scileanna
Mac/iníon léinn atá ag staidéar chun a c(h)éad chéim a bhaint amach i gcoláiste nó in ollscoil	Fochéimí
Ag bualadh le daoine a d'fhéadfadh cabhrú leat, go háirithe i do phost.	Líonrú
A bheith sásta a lán ama agus fuinnimh a thabhairt do rud toisc go bhfuil sé tábhachtach	Díograis
Gealltanas nó cinneadh láidir maidir le rud a dhéanamh	Tiomantas
Sraith post, ó phoist ina bhfuil an pá agus an leibhéal freagrachta íseal go dtí na poist ina bhfuil an pá agus an leibhéal freagrachta is airde laistigh de chomhlacht nó ghairm ar leith	Dréimire Gairme

Ag breathnú ar an Dréimire Gairme

8. Déan plé gearr ar na grúpaí éagsúla laistigh den earnáil phoiblí.
   a. An Státseirbhís, m.sh. Oifigeach Cléireachais
   b. Gairmiúil agus Teicniúil, m.sh. Innealtóir, Ailtire
   c. An tSeirbhís Phoiblí, m.sh. Garda, Múinteoir
9. Déan plé ar an sleamhnán thíos chun trácht a dhéanamh ar na téarmaí 'Bunleibhéal' agus 'Iontráil do Chéimithe'. Mínigh gur féidir dul isteach i róil áirithe ag an mbunleibhéal (riarachán, printíseachtaí, srl.) agus nach féidir é seo a dhéanamh i bpoist eile (múinteoireacht, ailtireacht srl.).
10. Bain úsaid as na leideanna chun plé a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar ar 'dhréimire gairme' ar bith. Leag béim ar an tábhacht a bhaineann le hoiliúint, hoideachas, taithí, díograis agus deiseanna

11. Déan plé ar an dréimire gairme sa státseirbhís leis na daltaí, agus cuir béim ar an dá bhrainse eile atá san earnáil phoiblí chomh maith. Mínigh Gníomhaíocht 3 do na daltaí agus léigh an tasc leis na daltaí, agus fág an sleamhnán ar an scáileán.
12. Iarr ar na daltaí obair a dhéanamh ina n-aonar nó i mbeirteanna chun an litir iarratais shamplach do ról mar oifigeach feidhmiúcháin a scríobh. Níl sé seo iomlán cruinn, ach ba chóir go dtabharfadh sé deis do na foghlaimeoirí machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leo dul i bhfeidhm ar dhaoine eile agus torthaí a bhaint amach chun dul chun cinn a dhéanamh ar aon dréimire gairme.
13. Faigh amach an bhfuil suim ag an ngrúpa ann.